

SOME POEMS - ROGHA DÁNTA

SOME POEMS
ROGHA DÁNTA

Nyk de Vries

SOUTHWØRD*editions*

First published in 2022
by Southword Editions
The Munster Literature Centre
Frank O'Connor House, 84 Douglas Street
Cork, Ireland
www.munsterlit.ie

Set in Adobe Caslon 12pt

© 2022 Nyk de Vries
Aistrithe © 2022 Colm Breathnach
Translations © David Comer



With the support of the
Creative Europe Programme
of the European Union



VERSOPOLIS

where
poetry
lives



Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council

Contents/Clár

Asman/Fear an bhrúscair/Binman 6

Motorman/Gluaisrothaí/Motorman 8

Metamorphose/Meiteamorfóis/Metamorphosis 10

Carnaval/Carnabhal/Carnival 12

Kamer/Seomra/The Room 14

Tijger/Tíogar/Tiger 16

Kiosk/Seastán nuachtán/Newspaper stand 18

Systeem/Córas/System 20

Spijkers/Tairní/Nails 22

Op het Lauwers College werd ik voor het eerst echt verliefd/I gColáiste

Lauwers a thiteas i ngrá dáiríre don chéad uair/At the Lauwers College

I fell in love for real for the first time 24

Grote vakantie/Saoire fhada/Long vacation 28

Asman

Wie leest de stad beter?

Je hoeft maar een zak open te
scheuren en de verhalen rollen de straat op

Geef jou een tandenborstel, een schoolschrift, twee
oude schoenen en je tekent mijn leven uit

Zegt wat ik weggooi niet veel meer
dan wat ik bang bewaar

Als je sprak
zou ik stil worden

Fear an bhrúscair

Cé is fearr a léann an chathair?

Ní gá ach mála a oscailt, é a scoilteadh
agus silfidh na scéalta síos an tsráid

Seo agat scuab fiacla, cóipleabhar scoile, is dhá
sheanbhróg, abair, agus tá mo shaol á rianú agat

Nach mó is díol suntais an méid a chaithim uaim
Ná an méid is ansa ar domhan liom agam

Dá labhrófása
An bhfanfainnse im thost

Binman

Who reads the city better?

You only need to open a bag
and stories spill out on the street

A toothbrush, an exercise book, two
worn shoes and you can trace my life

Isn't what I chuck more telling
than the things I cling to?

If you spoke,
I'd go quiet

Motorman

Hij reed almaar rond op zijn motorfiets en nooit wist ik wat er in zijn hoofd omging. Op een dag volgde ik hem naar zijn hut in het bos. Ik liep naar het hokje toe en duwde de deur met kracht open. Voor mij lag languit achterover op de houten vloer de motorman. Hij keek op, kwam langzaam overeind en staaarde me aan met een vreemd rood gezicht. Ik wilde iets zeggen, maar voor ik daarin slaagde, verdween de motorman zonder ooit terug te keren. Ik nam mijn intrek in het huisje en woonde er uiteindelijk ruim twintig jaar. Het is waar wat ze zeggen: elk nieuw huis moet beter zijn dan het vorige.

Gluaisrothaí

Thiomáineadh sé thart ar a ghluaisrothar agus níor thuigeas riamh cad a bhí ag dul ar aghaidh ina chloigeann. Lá amháin, leanas é chuig a thigín sa choill. Shiúlaíos suas go dtí an tigh beag agus bhrús an doras isteach. Bhí sé ina lúí ar fhleasc a dhroma romham ar an urlár adhmaid. D'fhéach sé aníos, d'éirigh sé go mall agus stán sé orm agus dath aisteach dearg ar a ghnúis. Theastaigh uaim rud éigin a rá ach sarar dheineas d'imigh an gluaisrothaí leis agus níor fhill sé riamh arís. Bhogas isteach sa bhothán agus, i ndeireadh na dála, chónaíos ann breis agus fiche bliain. Is fíor an méid a deirtear: ba cheart go mbeadh gach tigh nua níos fearr ná an ceann roimhe.

Motorman

He rode around on his motorbike and I never knew what was going on in his head. One day I followed him to his cottage in the woods. I walked up to the tiny house, barged in and found him lying on his back on the wooden floor. He looked up, rose slowly and stared at me with a strange red face. I wanted to say something, but before I got it out, Motorman disappeared, never to return. I moved into the cottage and ended up living there for more than twenty years. It's true what they say: each new house has to be better than the previous one.

Metamorphose

De winkel brandde plat en mijn familie moest helemaal weer van voren af aan beginnen. Eerlijk gezegd hing ik er maar wat bij en hielp nauwelijks mee om de zaak weer op de rails te krijgen. Op een middag zat ik in café Metamorphose toen mijn broer binnenkwam. Ik was klaar om me te verdedigen, maar hij zei geen woord. Hij ging tegenover me zitten en keek me langdurig aan. Toen bestelde hij bij de ober een bier en voor mij een Bacardi met een scheutje chocomel en anderhalf klontje ijs. Wat een geluk, dacht ik. Hoeveel mensen ontmoet je in je leven die werkelijk met je meedenken?

Meiteamorfóis

Dódh an siopa go talamh agus bhí ar mo mhuintir tosnú as an nua arís. Déanta na firinne, ba bheag an tairbhe dóibh mise, níor dheineas mórán le cúrsaí a chur ina gceart athuair. Tráthnóna amháin bhíos im shuí sa chaifé Meiteamorfóis nuair a tháinig mo dheartháir isteach. Bhíos ullamh chun mé fhéin a chosaint ach ní dúirt sé focal. Shuigh sé síos trasna uaim agus d'fhéach orm ar feadh achar fada. Ansin d'ordaigh sé gloine beorach ón bhfreastalaí agus Bacardi le steall bainne seacláide agus cúpla ciúb oighir ann domsa. Nach méanar dom, a dúirt liom féin. An mó duine a chastar ort i do shaol atá go hiomlán ar aon intinn leat?

Metamorphosis

The shop burnt down and my family had to start all over again from scratch. To tell the truth I just stayed on the side lines and made almost no contribution to rebuilding the business. One afternoon I was in the Metamorphosis having a drink when my brother came in. I braced myself but he didn't say a word. He sat down opposite me and stared at me for a long time. Then he ordered a beer for himself and a Bacardi with a splash of chocolate milk and one and a half ice cubes for me. What a blessing, I thought. How many people do you meet in your lifetime who really put themselves in your shoes?

Carnaval

Een donkere wagen kwam aangereden en een klein meisje stapte uit. Ze kreeg een tasje aangereikt en vrolijk verkleed als clowntje liep ze over het schoolplein. In de school bleek echter dat carnaval pas volgende week was. Het meisje was als enige geschminkt en de hele ochtend moest ze ontroostbaar huilen. Tegen drieën haalde haar moeder haar weer op. Die schrok hevig toen ze het verhaal hoorde en uitvoerig en met tranen in haar ogen vertelde ze wat er die ochtend allemaal mis was gegaan. Ze had misschien maar beter kunnen zwijgen. Dingen uitleggen, daar zijn we allemaal erg goed in.

Carnabhal

Tharraing gluaisteán dorcha suas agus tháinig cailín beag amach aisti. Tugadh a mála di agus shiúil sí trasna chlós na scoile go sona sásta agus í gléasta mar áilteoir. De réir mar a tharla, ámh, ní raibh an carnabhal le bheith sa scoil go dtí an tseachtain dár gcionn. B'í an cailín an t-aon duine amháin go raibh smideadh uirthi agus ghoil sí go dólásach ar feadh na maidine go léir. Ar a trí a chlog, phioc a máthair suas arís í. Bhí alltacht uirthi nuair a chuala sí faoin méid a tharla agus thug sé mionchuntas, agus deora lena súile, ar an méid a chuaigh in abar uirthi an mhaidin sin. B'fhearr dá n-éisteodh sí. Nithe a mhíniú, sin rud go bhfuilimid go léir ana-mhaith aige.

Carnival

A dark car drove up and a small girl dressed as a clown got out. She took her bag and crossed the schoolyard. But at school it turned out that carnival wasn't until next week. The girl was the only one with face paint and she cried inconsolably all morning. Around three her mother came back to pick her up. She was shocked to hear what had happened and, with tears in her eyes, related in detail everything that had gone wrong that morning. She'd probably have done better to keep it to herself. Explaining things, that's something we're all very good at.

Kamer

Er was een kamer in die stad waar ik steeds omheen cirkelde. Het was in de buurt van mijn lief. Ze wist niet dat ik soms die trappen opliep. Aan de wand hingen foto's van voor de oorlog. Ik sprak er eens over met een oude Friese schrijver. Hij zei: 'Ik ken die kamer, ik zou er eigenlijk binnen moeten gaan, maar het gaat er niet meer van komen, ben ik bang.' Hij kreeg gelijk. Hij stierf tijdens de Spelen. De kamer is er nog steeds – de trappen op, linksaf de gang door. Iedereen weet wel zo ongeveer wat erin staat.

Seomra

Ar an mbaile sin, bhí seomra go mbínn i gcónaí ag gabháil timpeall air. Bhí sé i gcóngar áit mo chailín. Ní raibh a fhios aici sin go ndreapainn an staighre sin ó am go chéile. Bhí grianghraif ar na fallaí ón tréimhse roimh an gcogadh. Labhraíos le seana-scríbhneoir Freaslainnise mar gheall air. Dúirt sé, “Tá cur amach agam ar an seomra sin. Ba chóir dom, i ndáiríre, dul isteach ann ach ní dócha go ndéanfaidh anois, is baolach.” Bhí an ceart aige. Cailleadh é le linn na gCluichí. Tá an seomra ann i gcónaí – suas na céimeanna agus ar clé síos an dorchla. Is eol do gach éinne nach mór cad tá istigh ann.

The Room

In that town there was a room I kept circling. It was near my girl-friend's. She didn't know I sometimes climbed those stairs. On the wall there were photos from before the war. I talked to an old Frisian writer about it. He said, “I know that room. I should actually go in there, but I'm afraid I've left it too late.” He was right. He died during the Games. The room is still there – up the steps and left down the corridor. Everyone knows more or less what's inside.

Tijger

Na mijn herstel had ik me voorgenomen in mijn leven nooit meer bang te zijn. Dat lukte wonderwel, tot we zo'n veertig kilometer voor Lusaka ineens oog in oog stonden met een tijger. Volgens de reisgids had dat beest daar helemaal niet mogen staan. Even was ik perplex, maar intuïtief dook ik naar voren en slaagde erin het dier te overheersen, gadeslagen door een bibberende Hans die zich terug in Europa tot mijn verbijstering niets meer van de tijger wist te herinneren. Sinds die dag weet ik wat elke gescheiden vrouw of man weet. Het is niet het liegen dat een relatie om zeep helpt. Het is de vergeetachtigheid.

Tíogar

Tar éis dom teacht chugam fhéin, bheartaíos nach mbeadh eagla orm go deo arís fad a mhairfinn. D'éirigh go hiontach liom ón dtaobh sin de go dtí tuairim is daichead ciliméadar lasmuigh de Lusaka nuair a tharla tíogar a bheith os ár gcomhair amach. Dar lenár dtreoraí níor cheart don ainmhí sin a bheith ann in aon chor fiú. Baineadh siar asam ar feadh neomait ach tháinig an dúchas in uachtar ionam ansin agus phreabas chun cinn agus d'éirigh liom an ceann is fearr a fháil air agus Hans ag faire go critheaglach orm, is é sin an Hans céanna nár chuimhin leis, agus sinn ar ais san Eoraip, aon ní i dtaobh an tíogair, rud a chuir mo dhóthain iontais ormsa. Ón lá sin i leith, tuigim an méid a thuigeann gach fear nó bean atá colscartha. Ní hiad na bréaga a chuireann deireadh leis an gcuidreamh. Is é an dearúd a dheineann é.

Tiger

After my recovery I resolved never to be afraid again as long as I lived. I managed that wonderfully well until about forty kilometres outside of Lusaka when we came face to face with a tiger. According to our guide that animal wasn't even supposed to be there. I was momentarily taken aback, but then acted on instinct by diving forwards and managed to overpower it, watched by a trembling Hans who, back in Europe, to my astonishment, seemed to have forgotten the tiger even existed. Since then I've known what every divorced man or woman knows. It's not the lies that muck up a relationship. It's the forgetting.

Kiosk

Het was tien jaar geleden, maar nog steeds kwam het ongeloof terug. We hoorden het laat in de avond, in het restaurant op weg naar Rostock, dat hij zijn leven had genomen. Ik liep naar buiten, de nacht in, maar vond daar hetzelfde als binnen. Hij had het anders kunnen doen. Hij had die lange waslijst aan actiepunten opzij kunnen schuiven, om er één of twee goeie uit te pikken. Neem het plan van die kiosk op een van de Caribische eilanden. Het was een goed idee - overzichtelijk. Ik zou hem daar zijn komen opzoeken. Op het strand hadden we onze levens opnieuw kunnen uittekenen. Ook dat van mij.

Seastán nuachtán

Deich mbliana ó shin ab ea é, ach d'fhéadfadh an t-amhras teacht i gceist i gcónaí. Chualamar an scéal déanach sa tráthnóna, sa bhialann ar an tslí go Rostock: bhí lámh curtha aige ina bhás féin. Shiúlaíos amach – isteach sa dorchadas – ach b'é an dá mhar a chéile é amuigh nó istigh. D'fhéadfadh sé tabhairt faoi ar a mhalairt de shlí. D'fhéadfadh sé an liosta níocháin fada sin de phointí gníomhaíochta a chur i leataoibh, gan ach ceann maith nó dhó acu a roghnú as mar liosta. An pleán sin maidir le seastán nuachtán ar oileán sa Mhuir Chairib, abair. B'in smaoineamh maith – neamhchasta. Raghainn a cuairt chuige ansin. Ar an dtráigh dúinn, d'fhéadfaimis saol nua as a bpíosa a rianú. Saol nua domsa, leis.

Newspaper stand

It was ten years ago but the disbelief could still rise. We got the news late at night, in the restaurant on the way to Rostock: he'd taken his life. I walked out – into the dark – but found the same there as inside. He could have done it differently. He could have pushed that long list of action items to one side, picking out one or two good ones. The plan with the newspaper stand on a Caribbean island for instance. That was a good idea – doable. I could have visited him there. On the beach we could have plotted out brand new lives. For me too.

Systeem

Het was zover: bij de Burgstraat mochten we niet langer rechtsaf. We werden tegengehouden door een automatisch bewaakte poort en in heel Gent was geen mens meer die wist waarom. De vraag werd doorgespeeld aan Brussel en even later aan allerhande computerspecialisten in het buitenland. En ik merkte wel, zij veinsden kennis, maar Nico, een vriend van me, glimlachte en legde uit dat we als mens de controle over de computers kwijt waren. Hij zei: 'Het enige wat we kunnen doen is alles stil leggen, het hele systeem.' 'Dan doen we dat toch,' riep ik strijdbaar. 'Het zal helaas niet gaan,' zei hij fijntjes. 'Dan moeten we namelijk bij de Burgstraat rechtsaf.'

Córas

Seo mar a bhí cúrsaí: ní rabhamar in ann casadh ar dheis ag Burgstraat a thuilleadh. Bhí geata cosanta uathoibríoch ár stopadh agus níor thuig éinne i gcathair uile Ghent cana thaobh. Seoladh an cheist ar aghaidh go dtí an Bhruiséil agus, tamall ina dhiaidh sin, chuig saineolaithe ríomhairí den uile shaghas ar an gcoigríoch. Agus bhí a fhios agamsa go rabhadar ag ligean scile orthu fhéin ach cara liom, Nico, dhein sé meangadh gáire agus é ag míniú dom go raibh smacht cailte go hiomlán againne, mar dhaonnaithe, ar na ríomhairí. Dúirt sé, “An t-aon ní is féidir linn a dhéanamh ná gach rud a mhúchadh, an córas ar fad.” “Sin a dhéanfaimid, mar sin.” a d’fhógraíos go trodach. “Ar an drochuair, ní féidir linn,” a dúirt sé go tur. “Chun sin dhéanamh, níor mhór dúinn casadh ar dheis ag Burgstraat.

System

It had come to this: we could no longer turn right into Burgstraat. An automatic gate was stopping us and nobody in all of Ghent knew why. The question was passed on to Brussels and from there to computer experts all over the world. And I could tell, they feigned know-how, but Nico, a friend of mine, smiled and explained that we humans had lost control of the computers. He said, “The only thing we can do is shut it down, the whole system.” “Then that’s what we’ll do!” I exclaimed, ready for battle. “Unfortunately we can’t,” he said drily. “To do that, we’d have to turn right into Burgstraat first.”

Spijkers

Mijn vader groeide op tijdens de crisis van de jaren dertig. Er was altijd tekort. Na de oorlog kwam hij in de bouw terecht. Het was de zogenaamde opgaande tijd. Er werd gebouwd als een gek en al het materiaal dat als afval op bouwplaatsen bleef liggen, werd rechtstreeks bij ons het erf op gereden. Het kon nog eens van pas komen. Toen hij met de VUT ging, zaten de schuren zo vol dat hij er zelf wel uit kon gaan. Maar hij was trots op zijn voorraden en tijdens verjaardagsfeesten dan scheidde hij erover op. Hij zei: 'Jonge, ik hoef in mijn hele leven nooit weer een spijker te kopen.' Onze oom Sake was anders. Die zei: 'Jonge, ik hoef in mijn hele leven nooit weer een spijker te zien.'

Tairní

D'fhás m'athair aníos le linn ghéarchéim na dtriochaidí. Bhí gannchar ann de shíor. Tar éis an chogaidh, chríochnaigh sé suas ag obair sa tógáil. B'in le linn an bhorrtha eacnamaíochta, mar a thugtaí air. Bhí tithe á dtógáil in ainm an diabhail agus aon fharasbarr soláthairtí a bhí fágtha ar na láithreáin tógála, thugadh sé ar an dtrucail é díreach isteach sa chlós seo againne. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach. Nuair a chuaigh sé ar luathscor, bhí na seideanna chomh lán sin go bhféadfadh sé a ghnó féin a chur ar bun. Ach bhí sé mórálach as a chuid stoic agus dheineadh sé maíomh as le linn cóisirí breithlae. Deireadh sé, "Ní bheidh orm tairne eile a cheannach, a mhic, an chuid eile de mo shaol." Níor mhar sin d'uncail Sake. Deireadh seisean, "Ní theastaíonn uaim tairne eile a fheiscint an chuid eile de mo shaol, a mhic.

Nails

My father grew up in the 1930s. Days of poverty. They never had enough of anything. Later he got into the building trade during the post-war boom. Houses were going up everywhere and he'd always truck leftover supplies straight to our yard. It could come in handy some day. When he retired the sheds were so full he could only get in there with a shoehorn. But he was proud of how much he'd stockpiled and boasted about it on birthdays, saying, "Son, no matter how long I live I'll never need to buy another nail." Our Uncle Sake was different. He said, "Son, no matter how long I live I never want to see another nail."

Op het Lauwers College werd ik voor het eerst echt verliefd

Na de basisschool wilde mijn vader het liefst dat ik naar de Mavo ging, in Burgum. Een mooi klein schooltje, zei hij. Het werd uiteindelijk Buitenpost, het Lauwers College, een grote streekschool zoals er in Friesland veel meer zijn.

Jongeren uit de wijde omgeving gaan ernaartoe, elke ochtend opnieuw, meestal op de fiets, in grote groepen.

De eerste dag, na de grote vakantie, keek ik me de ogen uit: Jongens met grote wilde bossen haar, meisjes in uitdagende kleren.

‘U herkende Nyk nog wel?’

‘Ik herken zijn gezicht, ik kende zijn naam... Maar ja, ik heb hier zoveel van die jongens gezien.’

‘En hoelang moet je tot je pensioen?’

‘Ik ben... ik word straks 57. Ik moet nog minimaal tien jaar.’

Het moest wel gebeuren, op het Lauwers College werd ik voor het eerst echt verliefd. Het duurde maanden, misschien wel een jaar, voordat ik haar uiteindelijk durfde te vragen. Jammer genoeg was ze op iemand anders, niet op mij.

Jaren later op de laatste schooldag was ik met een groepje vrienden in de Ringo, de bekende discotheek in Veenklooster. Het was er feest en plotseling zag ik haar zitten. We raakten in gesprek en na een poosje vroeg ze:

‘Ga je met me mee naar huis, ga je met me mee?’

Natuurlijk had ik ja moeten zeggen. Dat wilde ik ook zeggen. Maar ik zei iets anders. Ik zei, ik ga straks nog even met m'n vrienden op pad.

Later die nacht, die nacht van de laatste schooldag, reden we na veel omzwervingen met ons groepje in de vroege ochtend langs het schoolgebouw. Misschien kwam het door de kans die ik had laten schieten, misschien was het gewoon de vermoeidheid. Ik dacht, dit komt nooit weer terug. Nooit weer in mijn leven zal ik ‘s ochtends vroeg naar dit schoolgebouw fietsen.

Uiteindelijk ben ik er nog een paar keer geweest.

Misschien is het waar wat Harry Mulisch ooit beweerde, dat iedereen een soort absolute leeftijd heeft.

Ja, dan ben ik voor altijd zeventien.

Zo bekeken ben ik er eigenlijk nog steeds.

I gColáiste Lauwers a thiteas i ngrá dáiríre don chéad uair

Tar éis an bunscoile, theastaigh ó m'athair go raghainn go dtí an cheard-scoil, in Burgum. "Scoil bheag dheas." a dúirt sé. Ar deireadh b'é Buitenpost a bhí i gceist, Coláiste Lauwers, scoil réigiúnach mhór den saghas go bhfuil fuilleach díobh sa Fhreaslann.

Tagann ógánaigh ó chian agus ó chongar ann gach maidin, ar a rothair de ghnáth, ina mbaiclí móra.

An chéad lá tar éis shaoire an tsamhraidh, bhí na súile ar leathadh im cheann: buachaillí agus foilt ghruaige aimhréidh orthu: cailíní agus éadaí meallacacha orthu.

"D'aithin tú Nyk, nár dhein?"

"D'aithníos a ghaidh. Bhí a ainm ar eolas agam. Ach, bhuel, tá an oiread sin de na buachaillí úd feicthe agam anseo."

"Agus an fada eile atá le dul agat sara dtéann tú ar scor?"

"Táim...beidh mé seacht mbliana is caoga go luath. Tá deich mbliana ar a laghad fós le dul agam."

Chaith sé tarlúint, ba i gColáiste Lauwers a thiteas i ngrá dáiríre don chéad uair.

Ghlac sé míonna, bliain iomlán b'fhéidir, sara raibh de mhisneach agam ar deireadh í a iarraidh amach. Ar an drochuair bhí suim aici i nduine éigin eile, seachas ionamsa.

Na blianta ina dhiaidh sin, ar an lá deireanach ar scoil, bhíos i dteannta scata cairde sa Ringo, an dioscó cáiliúil in Veenklooster. Bhí cóisir ar bun agus go tobann chonac í ina suí ann. Thosnaíomar ag caint agus i gceann tamaill d'fhiafraigh sí díom:

"An dtiocfaidh tú abhaile liom, an dtiocfaidh tú liom?"

Dar ndóigh, ba cheart dom a rá go ndéanfainn. B'in a theastaigh uaim a rá. Ach dúrt a mhalairt. Dúrt, "Táim chun dul amach le mo chairde níos déanaí."

Níos déanaí an oíche sin, oíche an lae dheireanaigh ar scoil, tar éis go leor fánaíochta, thiomáin grúpa againn thar thigh na scoile le moch na maidine. B'fhéidir gurb é an deis nár thapaíos, b'fhéidir nach raibh ann ach an tuirse. Dúrt liom féin, ní bheidh seo arís ann. Go deo arís, ní thiocfaidh mé ag rothaíocht go luath ar maidin go dtí an tigh scoile seo. Mar a tharla, chuas ar ais cúpla babhta ó shin.

B'fhéidir go raibh an ceart ag Harry Mulisch nuair a mhaígh sé uair amháin go bhfuil mar a bheadh dearbh-aois ag gach éinne.
Más ea, beadsa a seacht déag go deo mar sin.
Ón dtaobh sin de, táim anseo i gcónaí mar a tharlaíonn.

At the Lauwers College I fell in love for real for the first time

After primary school my father wanted me to go to the tech in Burgum. A beautiful small school, he said. It ended up being Buitenpost, Lauwers College, the kind of big comprehensive that is so common in Friesland. It drew students from all over and most of them rode bikes, heading there every morning in large groups.

The first day after the summer holidays, my eyes were almost popping out of my head: boys with manes of wild hair, girls in provocative clothes.

“You did recognise Nyk?”

“I recognised his face, I knew his name... But, well, I’ve seen so many of those boys here.”

“And how long now before you retire?”

“I’m... I turn 57 soon. I have to do at least ten more years.”

It had to happen: at the Lauwers College I fell in love for real for the first time. It took months, maybe a whole year, before I finally dared to ask her out. Unfortunately she fancied someone else, not me.

Years later on the last day of school I was with a group of friends in the Ringo, the well-known disco in Veenklooster. It was a kind of party and suddenly I saw her there. We got talking and after a while she asked, “Do you want to come back home with me?”

Of course I should have said yes. I wanted to. But I said something else. I said, “I’m going out later with some friends.”

Late that night, the night of the last day of school, after much rambling, we rode past the school building. It was actually early in the morning. Maybe it was because of the chance I’d wasted, maybe it was just tiredness. I thought, this will never come back. Never again will I ride my bike to this school building early in the morning.

I’ve been back a few times since.

Maybe what Harry Mulisch once claimed is true, that everyone has a kind of absolute age. Yes, then I’m always seventeen.

From that perspective I never left.

Grote vakantie

Op vakantie gaan, dat bestond volgens mijn vader vroeger helemaal niet. 'Wij waren in ons dorp een van de eersten die erop uit gingen,' riep hij. Ik dacht, hij verzint maar wat. Maar misschien had hij zelfs nog wel gelijk. Midden jaren zestig gingen ze naar Ameland, in caravans die mijn oom Marten zelf had gebouwd. Het was de zogenaamde opgaande tijd.

'Moet ik de handen uit mijn zakken halen? Je weet het niet hè?'

Ik was een nakomer, anders dan mijn broer en mijn zusters heb ik die beginjaren nooit meegemaakt. Toen ik geboren werd, waren de caravans te oud en was het afgelopen met Ameland.

Wat een teleurstelling.

Maar gelukkig had mijn vader er aardigheid aan gekregen. Hij zei: 'We moeten wel weer op vakantie!'

In die tijd was het moderne toerisme al behoorlijk aan het opkomen. Maar waar anderen naar Spanje gingen of Joegoslavië, daar kozen mijn ouders voor Appelscha en Bakkeveen.

Later, toen ik niet meer meeding, bezochten ze altijd een boerencamping. Op een zomerdag is mijn vader daar ook overleden. Tijdens zijn boekenweektournee sprak ik eens met schrijver Tommy Wieringa. Hij zei: 'Eigenlijk is er niks zo triest als sterven op de camping.'

Ik geloof niet dat het zo was, in dit geval, achteraf bekeken. Het was mooi weer, op z'n favoriete plek.

Die ochtend had mijn moeder nog gevraagd: 'Ben je aan het mediteren?'

Bijna onzichtbaar had hij geknikt, vanuit zijn zomerstoel.

Die middag is hij heengegaan.

Je zou kunnen zeggen: op de grote vakantie.

Saoire fhada

Dul ar saoire, níor rud é sin, dar le m'athair, a dhéantaí sa tsean-am. “Bhíomarna ar cheann de na chéad teaghlaigh a chuaigh ar thuras.” ar seisean de bhéic.

Shíleas nach raibh sé ach ag cumadóireacht. Ach b'fhéidir go raibh an ceart aige. Sna seascaidí chuadar go dtí Ameland i gcarbháin a chuir uncail Marten le chéile é féin. B'in le linn an bhorrtha eacnamaíochta, mar a thugtaí air.

“Ar cheart dom mo lámha a bhaint as mo phócaí? Níl a fhios agatsa, an bhfuil?”

Ba mise croitheadh an tsacáin. Murab ionann agus na deartháireacha agus na deirfiúracha, ní raibh aon taithí agamsa ar na blianta luatha sin. Faoin dtráth a rugadh mise bhí na carbháin ró-sheanchaite agus bhí deireadh le Ameland.

Bí ag caint ar dhíomá.

Ach ar ámharaí an tsaoil, bhí taitneamh ag m'athair air. “Caithfidimid dul ar saoire arís!”

Bhí tóir ag teacht ar an dturasóireacht nua-aimseartha faoin dtráth sin. Ach má thug daoine eile a n-aghaidh ar an Spáinn nó ar an Iúgslav, b'iad Appelscha agus Bakkeveen rogha mo thuismitheoirí-se.

Tráth ab fhaide anonn, nuair a bhíos tar éis éirí as dul ina dteannta, ba nós leo fanúint ag ionad campála ar fheirm. Ba ann a cailleadh m'athair lá breá samhraidh.

Le linn thuras sheachtain na leabhar aige tráth, labhraíos leis an scríbhneoir Tommy Wieringa. Dúirt sé, “Dáiríre, níl aon ní is brónaí ná bás a fháil ar an láthair champála.”

Ní dóigh liom gur mar sin a bhí, sa chás seo, ag féachaint siar dom. Bhí an aimsir go deas agus é san áit ab ansa leis.

An mhaidín sin bhí mo mháthair tar éis fiafraí de: “Tá tú ar do mhara-na, an bhfuil?” Sméid sé a cheann ar éigean uirthi óna chathaoir samhraidh.

An tráthnóna sin, d'éalaigh sé leis.

Ar a shaoire fhada, d'fhéadfá a rá.

Long vacation

Going on holiday was, according to my father, unknown in the old days. “We were among the first in our village to go off on a trip,” he said.

I thought, he’s making it up. But maybe he was right. In the mid-sixties they went to Ameland with homemade caravans my Uncle Marten had put together. It was during the so-called economic boom.

“Should I take my hands out of my pockets? You don’t know, do you?”

I was an afterthought. Unlike my brother and sisters, I didn’t experience those early years. By the time I was born, the caravans were too old and Ameland was a thing of the past.

What a disappointment.

But fortunately my father had developed a taste for it. He said, “We have to go away on holiday again!”

Modern tourism was getting popular. But whereas others went to Spain or Yugoslavia, my parents opted for Appelscha and Bakkeveen.

Later, when I’d stopped going with them, they always stayed at a campground on a farm. One summer’s day my father died there.

During a book-week tour, I once spoke to the writer Tommy Wieringa. He said, “Nothing could be sadder than dying at a campsite.”

I don’t believe it was like that, in this case, looking back. It was beautiful weather, his favourite spot.

That morning my mother had asked, “Are you meditating?” He had nodded almost imperceptibly from his summer chair.

In the afternoon he slipped away.

You could say, on his long vacation.

Aistritheoir

Colm Breathnach: File, ùrscéalaí agus aistritheoir é. Tá naoi gcnuasach filíochta foilsithe aige chomh maith le hùrscéal amhain agus aistriùcháin (i gcomhar leis an Dr. Andrea Nic Thaidhg) ar shaothar le Günter Grass.

Translator

David Colmer's published poetry translations include book-length translations of the work of Hugo Claus, Menno Wigman, Paul van Oostaijen, Ester Naomi Perquin, Cees Nooteboom, Annie M.G. Schmidt, Nachoem M. Wijnberg, Anna Enquist and Bart Moeyaert into English. He is Australian.